M8

AN ROINN OIDEACHAIS & EOLAÍOCHTA

25980

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2002***

# Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 2

180 MARC

**Aoine**
**7 Meitheamh**
**Maidin, 9.30 go dtí 12.50**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

*Nóta*: Tá rogha idir **AN CÚRSA AINMNITHE** agus **AN CÚRSA ROGHNACH**.

***Má roghnaíonn tú*** **AN CÚRSA AINMNITHE** ***freagair:***

| | | |
|---|---|---|
| *Ceist 1* | A | PRÓS AINMNITHE |
| *Ceist 2* | | PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de **A, B, C,** ***nó*** **D** |
| *Ceist 3* | A<br>C | FILÍOCHT AINMNITHE AGUS<br>DÁNTA DUALGAIS BREISE |
| *Ceist 4* | | STAIR NA GAEILGE |

***Má roghnaíonn tú*** **AN CÚRSA ROGHNACH** ***freagair:***

| | | |
|---|---|---|
| *Ceist 1* | B | PRÓS ROGHNACH |
| *Ceist 2* | | PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de **A, B, C,** ***nó*** **D** |
| *Ceist 3* | B<br>C | FILÍOCHT ROGHNACH AGUS<br>DÁNTA DUALGAIS BREISE |
| *Ceist 4* | | STAIR NA GAEILGE |

# Ceist 1

## PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) ***nó*** **B** (Prós Roghnach) anseo thíos.

| A | —PRÓS AINMNITHE— | 40 marc |
|---|---|---|

Freagair (**a**) *agus* (**b**).

(**a**) 'Is álainn an pictiúr a thugtar dúinn d'aigne shoineanta an pháiste sa scéal *Amuigh Liom Féin*. Déan plé **gairid** air sin. 25 mharc

***nó***

Cén carachtar is mó a raibh bá agat leis/léi sa sliocht as an úrscéal *Gafa*? Mínigh **go gairid** cén chaoi ar éirigh leis an údar do chomhbhá leis an phearsa sin a spreagadh. 25 mharc

(**b**) Déan cur síos **gairid** ar an draíocht atá sa scéal *Clann Lir* agus ar a héifeacht ar an scéal. 15 mharc

***nó***

Maidir leis an scéal *Clann Lir*, déan plé **gairid** ar an pháirt a ghlacann Mochamhóg sa scéal agus ar thábhacht a charachtair. 15 mharc

| B | —PRÓS ROGHNACH— | 40 marc |
|---|---|---|

Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo.

(**a**) Maidir le gearrscéal (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan plé **gairid** ar thréith amháin a bhain leis an bpríomhcharachtar a raibh tionchar ag an tréith sin ar an scéal.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.* 25 mharc

***nó***

Maidir le giota as úrscéal (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan cur síos **gairid** ar an gcarachtar is mó a raibh bá agat leis/léi agus an chaoi ar fhorbair an chomhbhá sin agus tú ag léamh an scéil.

*Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn.* 25 mharc

(**b**) Maidir le scéal béaloidis (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan cur síos **gairid** ar an draíocht atá ann agus ar a héifeacht ar an scéal.

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin mar aon le hainm an údair/scéalaí a bhreacadh síos go cruinn.* 15 mharc

***nó***

Maidir le scéal béaloidis (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa),
déan plé ***gairid*** ar an bpríomhcharachtar sa scéal agus ar an tábhacht a bhain lena p(h)áirt sa scéal.

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin mar aon le hainm an údair/scéalaí a bhreacadh síos go cruinn.* 15 mharc

# Ceist 2

## PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A** *nó* **B** *nó* **C** *nó* **D** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall). I gcás gach rogha acu—**A, B, C** *agus* **D**—baineann **(a)** leis an gCúrsa Ainmnithe agus **(b)** leis an gCúrsa Roghnach.

### A —GEARRSCÉALTA —40 marc

Freagair **(a)** *nó* **(b)** anseo thíos.

**(a)** SCOTHSCÉALTA 40 marc

(i) 'Feicimid go minic i scéalta Phádraic Uí Chonaire daoine a bhíonn ag tóraíocht malairt saoil ach nach n-éiríonn leo é sin a bhaint amach.' Déan plé **gairid** air sin i gcás CEANN AMHÁIN de na scéalta seo: *Ná Lig Sinn i gCathú, Nóra Mharcais Bhig.*

***nó***

(ii) 'Is iomaí carachtar láidir a fheicimid i scéalta Phádraic Uí Chonaire ach níl aon duine acu gan a laigí féin.' Déan plé **gairid** air sin i gcás CEANN AMHÁIN de na scéalta seo: *Neill, Anam an Easpaig, Páidín Mháire.*

**(b)** CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH 40 marc

(i) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ann ar mhíshástacht DUINE AMHÁIN de na pearsana lena shaol agus a ndearna sé/sí chun athrú éigin a chur i bhfeidhm.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

***nó***

(ii) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, roghnaigh CARACHTAR AMHÁIN as an scéal agus léirigh **go gairid** cén fáth ar dóigh leat gur carachtar láidir é/í cé nach bhfuil sé/sí gan a laigí féin.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

### B —ÚRSCÉALTA— 40 marc

Freagair **(a)** *nó* **(b)** anseo thíos.

**(a)** MÁIRE NIC ARTÁIN 40 marc

(i) 'Maidir le saol Mháire i mBéal Feirste, ní hí an deighilt idir Máire agus a muintir an t-aon deighilt amháin a léirítear dúinn.' Déan plé **gairid** air sin.

***nó***

(ii) 'Tá léargas iontach san úrscéal seo ar na deacrachtaí a bhaineann lena bheith dílis do do phrionsabail féin i gcónaí.' Déan plé **gairid** air sin.

**(b)** ÚRSCÉAL ROGHNACH 40 marc

(i) 'Is minic in úrscéal a bhíonn an bhéim ar an gcaidreamh idir bheirt de na príomhcharachtair.' Déan plé **gairid** air sin maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air.

*Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

***nó***

(ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** air i gcás do rogha DHÁ CHEANN díobh seo: suíomh an scéil; carachtar a thaitin leat; carachtar nár thaitin leat; laige sa phlota; bua úrscéalaíochta an údair.

*Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

## C —DÍRBHEATHAISNÉISÍ— 40 marc

Freagair (**a**) *nó* (**b**) anseo.

(**a**) A THIG NÁ TIT ORM — 40 marc

(i) 'Is fearr ar fad an léargas a fhaighimid ó Mhaidhc Dainín ar shaol Mheiriceá ná mar a fhaighimid uaidh ar shaol Shasana.' Déan plé **gairid** air sin.

***nó***

(ii) ' "Bhí gaiscíoch nó dhó ins gach rang. Is dócha gur fíor a rá nárbh aingeal éinne againn..." Cé go luann Maidhc Dainín a chuid scolaíochta, is léir gur mó ar fad a shuim sa chleasaíocht ná sa scolaíocht.' Déan plé **gairid** air sin.

(**b**) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH — 40 marc

(i) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a dhéantar léiriú inti ar shaol sóisialta na linne.

*Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

***nó***

(ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé **gairid** ar DHÁ THRÉITH phearsanta a bhain le húdar na dírbheathaisnéise sin, dar leat.

*Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

## D —DRÁMAÍ— 40 marc

Freagair (**a**) *nó* (**b**) anseo.

(**a**) AN TRIAIL — 40 marc

(i) 'Is iomaí riail a briseadh sa dráma seo.'
Déan plé **gairid** ar an pháirt a ghlacann briseadh rialacha sa dráma seo maidir le DHÁ CHEANN de na rialacha úd.

***nó***

(ii) Déan plé **gairid** ar an chodarsnacht a bhí idir an bheirt charachtar, Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire, agus Mailí, an striapach. Déan tagairt speisialta don tionchar a bhí acu ar phríomhimeachtaí an dráma.

(**b**) DRÁMA ROGHNACH — 40 marc

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar DHÁ GHNÉ a bhain le sochaí na linne sin mar a léirítear sa dráma iad.

*Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

***nó***

(ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar phríomhthéama an dráma sin agus ar an fhorbairt a dhéantar air.

*Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.*

# *Ceist 3*

## FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ar leathanaigh 6 agus 7, ***nó*** **B** (Filíocht Roghnach) leathanach 8.
Ní mór do ***gach iarrthóir*** **C** (Dánta Dualgais Breise) ar leathanaigh 9 agus 10 a fhreagairt.

### A —FILÍOCHT AINMNITHE— 35 mharc

Freagair (**a**) thíos *agus* (**b**) thall.

(**a**) (i) Conas a léirítear sa dán *Mac Eile Ag Imeacht* go bhfuil na daoine ar fad ag iarraidh a bhfíormhothúcháin a cheilt ar a chéile? 12 mharc

(ii) Deirtear (líne 5) gurb é an mac féin a bheidh ag tiomáint. Cén fáth, dar leat, a luaitear an mionphointe seo? 8 marc

### *Mac Eile Ag Imeacht*

Cuirfimidne chun bóthair arís inniu
Chuig aerfort Bhaile Átha Cliath.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.
Eisean féin a thiománfaidh an carr
Tús curtha ar a thuras fada.
Ag mionchomhrá treallach, míloighciúil
Meilfimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha
A bheidh idir lámha aige.
Béarfaidh sé ar an bhfaill
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.
Tar éis slán a chur leis
Agus greim láimhe againn ar a chéile
Pléifimid na buntáistí a bheadh aige thall
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

Gealgháireach, fuadrach a bheidh
Na stráinséirí inár dtimpeall.
Ní bhacfaimid le cupán caife
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.

***nó***

(i) 'Tugann Caitlín Maude sárléiriú dúinn ar aigne atá go mór trína chéile sa dán *Treall.*' Déan plé **gairid** ar an ráiteas sin. 12 mharc

(ii) Scríobh nóta **gairid** ar an gcaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort. 8 marc

### *Treall*

Tabhair dhom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras
'gus urláir de na ballaí,
go dtiocfaidh scraith
agus díon agus
simléir anuas
le neart mo chuid
allais ...
Sín chugam anois,
na cláir is na tairní
go dtóigfead
an teach eile seo ...

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

**(b)** Maidir leis an dán *Faoileán*, déan plé **gairid** ar an phríomhthéama agus ar MHOTHÚCHÁN AMHÁIN a mhúscail sé ionat. 15 mharc

***nó***

Maidir leis an dán *Faoileán*, mínigh DHÁ CHEANN díobh seo leanas:

(i) an mhaidin ag pléascadh sa chuan;

(ii) braithim an bás an púca im thimpeall go buan;

(iii) fual lucht an airgid;

(iv) Féach an faoileán uaibhreach ina bhruscar ... 15 mharc

## *Faoileán*

Thíos ar an trá,
is an mhaidin ag pléascadh sa chuan,
braithim an bás
an púca im thimpeall go buan:
féach an faoileán uaibhreach
ina bhruscar ar charraig dhubh,
cloisim amhrán uaigneach
i saoirse na farraige.

Bhíodh sé ar snámh
go hard os cionn tonnta ba bhán,
leath a sciatháin
ó Bheanntraí go Dún na nGall
ach tháinig an bád ola seo
trasna na farraige
is líon sé an cuan cuachach
le fual lucht an airgid.

Féach an faoileán uaibhreach
ina bhruscar ar charraig dhubh,
cloisim amhrán uaigneach
i saoirse na farraige.

| **B** | —FILÍOCHT ROGHNACH— | 35 mharc |
|---|---|---|

Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo thíos.

(**a**) (i) Maidir le DÁN AMHÁIN a chum fear (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), scríobh nóta ar phríomhthéama an dáin agus ar na línte is mó a chuaigh i bhfeidhm ort. 12 mharc

(ii) Pioc amach DHÁ MHEAFAR as an dán agus luaigh éifeacht na meafar sin. 8 marc

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.*

***nó***

(i) Maidir le DÁN AMHÁIN a chum bean (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), mínigh cad a spreag an file, dar leat, chun an dán a chumadh. 12 mharc

(ii) Scríobh nóta **gairid** ar an gcaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort. 8 marc

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.*

(**b**) Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), AGUS NÁR ÚSÁID TÚ I gCUID (a) THUAS, roghnaigh DÁN AMHÁIN díobh agus luaigh CÚIS AMHÁIN ar thaitin an dán leat. Tabhair línte as an dán a thaitin leat.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn.*

***nó***

Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), agus NÁR ÚSÁID TÚ I gCUID (a) THUAS, roghnaigh DÁN AMHÁIN díobh agus scríobh nóta ar an gcaoi ar chuir an file mothúcháin os ár gcomhair. (Is leor DHÁ MHOTHÚCHÁN).

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go cruinn* 15 mharc

Freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) anseo.

**C —DÁNTA DUALGAIS BREISE— 35 mharc**

Freagair (**a**) ar leathanach 9 (thíos) *nó* (**b**) ar leathanach 10.

(**a**) Freagair (i), (ii), AGUS (iii) anseo.

(i) 'Sna hamhráin ghrá ... is rímhinic a chuireann an fear in iúl don chailín gur parthas saolta atá in ndán dóibh i dteannta a chéile.'
Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí is a éiríonn le Peadar Ó Doirnín an parthas saolta seo a léiriú don chailín san amhrán *Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte* (ar leathanach 9 thíos). 20 marc

(ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:

'I bhfuarlinn tséimh chífir slua-bhuíon éisc
ag ruagadh a chéile ar snámh ann,
's an cuan go léir dhuit uait i gcéin
ó nua-chnoc Chéin Mhic Cáinte.' 6 mharc

(iii) Scríobh nóta **gairid** ar mheadaracht an dáin seo. 9 marc

## *Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte*

A phlúr na maighdean is úire gné
thug clú le scéimh ón Ádhamhchlainn,
A chúl na bpéarlaí, a rún na héigse
dhúblaíos féile 's fáilte,
a ghnúis mar ghréin i dtús gach lae ghil
mhúchas léan le gáire,
's é mo chumhaidh gan mé 's tú, a shiúr, linn féin
sa dún sin Chéin mhic Cáinte.

Táim brúite i bpéin, gan suan gan néal,
de do chumhaidhse, a ghéag is áille,
's gur tú mo roghain i gcúigibh Éireann,
cúis nach séanaim ás de;
dá siúlfá, a réalta gan smúid, liom féin
ba súgach saor ár sláinte—
gheobhair plúr is méad is cnuasach craobh
sa dún sin Chéin mhic Cáinte.

A rún mo chléibh, nach mar súd ab fhearr dhuit
tús do shaoil a chaitheamh liom?—
's ní i gclúid faoi léan ag túirscín bréan
I gcionn túirne 's péire cardaí;
gheobhair ciúl na dtéad le lúth na méar
do do dhúscadh 's dréachta grá fós—
níl dún faoin ngréin chomh súgach aerach
le hÚrchnoc Chéin mhic Cáinte.

A shuaircbhean tséimh na gcuachfholt péarlach,
gluais liom féin ar ball beag,
tráth is buailte cléir is tuataí i néal
'na suan faoi éadaí bána;
ó thuaidh go mbéam i bhfad uathu araon
teacht nua-chruth gréine amárach,
gan ghuais le chéile in uaigneas aerach
san uaimh sin Chéin mhic Cáinte.

Cluinfir uaill na ngadhar ar luas i ndéidh
Bhriain luaimnigh bhearnaigh mhásaigh
is fuaim guth bhéilbhinn cuach is smaolach
go suairc ar ghéaga in áltaibh;
I bhfuarlinn tséimh chífir slua-bhuíon éisc
ag ruagadh a chéile ar snámh ann,
's an cuan go léir dhuit uait i gcéin
ó nua-chnoc Chéin mhic Cáinte.

(**b**) Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Teangmháil*?
Déan trácht **gairid** ar a éifeachtaí is a dhéantar forbairt ar an phríomhthéama sin sa dán. 20 marc

(ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile leis na línte seo a leanas:

*ach sheas an phóg san aer*
*is dhein scamall di...* 6 mharc

(iii) Is iomaí saghas teangmhála atá sa saol. Céard a thuigeann tusa le teideal an dáin seo? 9 marc

## *Teangmháil*

Tháinig tú chugam
ag an am san den oíche
a dtagann borradh faoin tost.

Tháinig chugam d'uaigneas
is theangmhaigh sé le m'uaigneas.
Fuaireadar faoiseamh i bpóg

nár mhair ach tamaillín
sular imigh tú leat arís
ar bhealach príobháideach

d'uaignis féin
ach sheas an phóg san aer
is dhein scamall di

a thuirlingíonn uaireanta
ag an am san den oíche
a dtagann borradh faoin tost
chun an t-uaigneas a dhíbirt.

# *Ceist 4*

## STAIR NA GAEILGE 30 MARC

Scríobh gearrchuntas ar DHÁ CHEANN acu seo leanas.

(a) Tionchar do rogha DHÁ CHEANN de na teangacha seo ar an nGaeilge:
Laidin, Lochlannais, Fraincis, Béarla.

(b) Trí Mhórchanúint na Gaeilge. (Is leor TRÍ mhórphointe)

(c) An Fhiannaíocht. (Is leor TRÍ mhórphointe)

(d) An Aisling Pholaitiúil.(Is leor TRÍ mhórphointe)

(e) Do rogha BEIRT díobh seo leanas:

Seosamh Mac Grianna
Caitlín Maude
Pádraic Ó Conaire
Máire Mhac an tSaoi
Aogán Ó Rathaille
Peadar Ó Doirnín
Eibhlín Dhubh Ní Chonaill
Breandán Ó hEithir
Máirtín Ó Cadhain

(f) An Ghaeilge agus na Meáin Chumarsáide (teilifís, raidió, iriseoireacht, nuachtáin) sa lá atá inniu ann. (Is leor TRÍ mhórphointe)

LEATHANACH BÁN